Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**12636/23**

**LIMITE**

**CORLX 844**
**CFSP/PESC 1204**
**RELEX 1003**
**COEST 495**
**FIN 894**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2023/1214 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine |

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2023/1214**
**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha**
**i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/1214 ón gComhairle an 23 Meitheamh 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine[1], agus go háirithe Airteagal 1(33) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

[1] IO L 159 I, 23.6.2023, lch. 1.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 833/2014[1], a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine.

(2) An 23 Meitheamh 2023, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2023/1214, lenar leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 agus lenar tugadh isteach tuilleadh bearta sriantacha chun gníomhaíochtaí craoltóireachta san Aontas, nó atá dírithe ar an Aontas, a chur ar fionraí - gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag eagraíochtaí meán áirithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1214. De bhun Airteagal 1, pointe (33) de Rialachán (AE) 2023/1214, tá infheidhmeacht na mbeart sin maidir le ceann amháin nó níos mó de na heagraíochtaí meán sin faoi réir glacadh gníomhartha cur chun feidhme ag an gComhairle.

(3) Tar éis di na cásanna faoi seach a scrúdú, chinn an Chomhairle gur cheart feidhm a bheith ag na bearta sriantacha dá dtagraítear in Airteagal 2f de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón 1 Deireadh Fómhair 2023 maidir leis na heintitis uile dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1214,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

PUBLIC

[1] Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 1).

*Airteagal 1*

Beidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear in Airteagal 2f de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón 1 Deireadh Fómhair 2023 maidir leis na heintitis uile dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1214.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in
*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC